CINNEADH (CBES) 2023/389 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Feabhra 2023

lena seolfar misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2444 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2444 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger).

(2) An 14 Feabhra 2023, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an Plean Misin agus na Rialacha Aontaithe Comhraic a bhaineann le EUMPM Niger a fhormheas.

(3) Mar thoradh ar an moladh ó Cheannasaí Misin an Aontais, ba cheart an misean a sheoladh an 20 Feabhra 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Plean Miseanagus na Rialacha Aontaithe Comhraic a bhaineann le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger).

Airteagal 2

Seolfar EUMPM Niger an 20 Feabhra 2023.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 319, 13.12.2022, lch. 86.